Cúram Caillí

Nuair a bhraithim uafás an scartha seo uaitse;
nuair a bháitear mé im' dheora fhéinigh;
nuair a shíneann an spás eadrainn thar bun na spéire;
nuair nach féidir leat teacht chugam ón imigéin,
faighim sólás sa mhéid seo:

Níl an t-am á scaoileadh uainn mar rolla éadaigh,
ach tá gach a tharla, is sinne le chéile,
fós ag tarlú; ár gcuid taithí bailithe
i gcoire na cruinne, de shíor ag boilgearnach
san am i láthair.

Deinim mé féin a chuachadh ansan
i gclócha ár ngrá;
canaim mo chuid ortha,
adaím an tine.

Áine Moynihan